Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7628/26**

**COPS 163**
**CFSP/PESC 428**
**CSDP/PSDC 181**
**EUMC 116**
**COAFR 79**
**EUTM SOMALIA 2**
**EUCAP SOMALIA 2**
**PSC DEC 12**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2026) |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin
Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil
(EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2026)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia)[1], agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

---

[1] IO L 187, 17.7.2012, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/389/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2012/389/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, chun na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 2 Nollaig 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/2477[2], lena gcuirtear síneadh le sainordú Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 30 Aibreán 2026.

(3) An 27 Feabhra 2026, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin EUCAP Somalia ón 1 Bealtaine 2026 go dtí an 28 Feabhra 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[2] Cinneadh (CBES) 2025/2477 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 2 Nollaig 2025 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2025) (IO L, 2025/2477, 5.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2477/oj).

*Airteagal 1*

Cuirtear síneadh le sainordú Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ón 1 Bealtaine 2026 go dtí an 28 Feabhra 2027.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*